**Cruinniú 32: Eagraíocht um Áitiúil Lú, Sráid Eoin, Margadh an Fhéir, Droichead Átha**

**Dé hAoine an 13 Nollaig 2024**

Sheol an tAire Spóirt agus Corpoideachais Thomas Byrne SportUile, an tionscnamh um Athrú a Spreagadh trí Spórt, ag a bhfuil maoiniú €200,000 in aghaidh na bliana ar feadh trí bliana, Dé Céadaoin an 20 Samhain i Staid Lourdes.

Reáchtáladh 'athsheoladh' an fheachtais Ask for Angela Dé hAoine an 6 Nollaig mar chuid d'fheachtas poiblíochta chun feasacht a mhúscailt ar an tionscnamh sin ar fud Dhroichead Átha ag tús shéasúr gnóthach na Nollag . Iarracht chomhoibrithe is ea an feachtas ag Bord Feidhmithe Dhroichead Átha agus ag an nGarda Síochána, agus tá baill de Chónaidhm Thacsaí Dhroichead Átha, den Chónaidhm Fíoncheannaithe agus den Chumann Bialann rannpháirteach ann chomh maith.

Chuir BOOLM an bord ar an eolas faoin gcomhaontú a síníodh idir ITDD agus BOOLM chun bealaí dul chun cinn a neartú do mhac léinn Ardoideachais sa Tuaisceart Thoir. Leis an gcomhaontú sin, ligfear do mhic léinn Breisoideachais ó na heagraíochtaí sin a bhfuil cáilíochtaí mapáilte áirithe agus gnóthachtálacha acadúla bainte amach acu, ardiontráil a fháil isteach i mbliain 3 de chúrsaí Céime áirithe in ITDD. Is féidir conairí breise chuig cúrsaí Céime a bheith ann chomh maith.

Bhuail an Fhoireann Feidhmithe Tionscadail do Mhol Pobail na Mónadh Móire le hailtirí ceaptha a chomhroinn líníocht choincheapa den tionscadal.

Lean AGS agus Meabhairshláinte FSS le rannpháirtíocht maidir le Gníomh 2.8 do Phlean Feidhmithe Dhroichead Átha, agus pleananna ann lá foghlama a reáchtáil go luath sa Bhliain Úr do bhaill ábhartha an AGS agus FSS.

Leithdháileadh 10 dteach fholmha in eastát na Mónadh Móire, lena n-áirítear ceann acu a leithdháileadh ar an Ionad Acmhainní um Theaghlaigh a Nascadh.

Comhaontaíodh leis an Roinn Dlí agus Cirt go dtiocfaidh téarma Bhord Feidhmithe Dhroichead Átha chun deiridh ar an 31 Nollaig 2024.